2026/2520

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2520 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2026

lena n-údaraítear díolúine de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a úsáid i dtrealamh níocháin tráchtála áirithe ina bhfuil teaschaidéil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh cuirtear toirmeasc le pointí 8(b) agus 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 ar theaschaidéil fhéinchuimsitheacha dho-aistrithe a chur ar an margadh, ar teaschaidéil iad ag a bhfuil na hacmhainneachtaí ainmniúla a shonraítear iontu agus ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ag a bhfuil acmhainneacht téimh dhomhanda 150 nó níos mó, ach amháin i gcás inar gá chun ceanglais sábháilteachta ag an láithreán oibriúcháin a chomhlíonadh.

(2) De bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2024/573, an 25 Meitheamh 2026, chuir údarás inniúil na Sualainne iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun díolúine a údarú lena gceadaítear triomadóirí rothlaim tráchtála áirithe ina bhfuil teaschaidéil dho-aistrithe a thagann faoi raon feidhme phointí 8(b) agus 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin a chur ar an margadh. Thacaigh Poblacht na Seice leis an iarraidh freisin.

(3) De bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2024/573, an 8 Iúil 2026, chuir údarás inniúil na Gearmáine iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin inar tacaíodh le raon feidhme na hiarrata ar dhíolúine ón tSualainn agus iarraidh a dhéanamh, ina theannta sin, díolúine a údarú lena gceadaítear meaisíní áirithe niteora triomadóra éadaí tráchtála atá feistithe le modúil teaschaidéil a thagann faoi raon feidhme phointí 8(b) agus 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Tá na triomadóirí rothlaim tráchtála a chumhdaítear leis an iarraidh ar dhíolúine ón tSualainn ceaptha le haghaidh marthanacht an-fhada agus oibriú leanúnach i rith an lae agus úsáidtear iad in oibríochtaí níocháin am-íogair, lena n-áirítear ospidéil, óstáin, institiúidí cúraim agus neachtlainníní mona-oibrithe, ina bhfuil an éifeachtúlacht agus an iontaofacht oibríochtúil fíor-riachtanach. Baineann an iarraidh ar dhíolúine ón nGearmáin le meaisíní niteora triomadóra éadaí tráchtála atá feistithe le modúil teaschaidéil, atá deartha le haghaidh feidhmeanna tráchtála agus ag a bhfuil toilleadh idir 15 kg agus 40 kg.

(5) De réir na hiarrata ar dhíolúine ón tSualainn agus na hiarrata ar dhíolúine ón nGearmáin ('na hiarrataí ar dhíolúine'), tráth a cuireadh na hiarrataí sin isteach, ní raibh aon rogha mhalartach oiriúnach ann le haghaidh na gcatagóirí trealaimh a chumhdaítear leis na hiarrataí ar dhíolúine a chomhlíonfadh Rialachán (AE) 2024/573. Cé go bhfuil taighde agus forbairt ar siúl faoi láthair, tá gá le tuilleadh ama chun roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil agus sábháilte a fhorbairt, a thástáil agus a chur in úsáid agus comhlíonadh leanúnach na gcaighdeán sábháilteachta is infheidhme á áirithiú an tráth céanna.

([1]) IO L 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

(6) Léirítear freisin san iarraidh ar dhíolúine ón tSualainn, i gcás triomadóirí rothlaim tráchtála ina bhfuil teaschaidéil ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil suas le 10 kW agus an toilleadh sin san áireamh, go bhfuil roghanna malartacha ar fáil le haghaidh feidhmeanna saothair éadroim áirithe. Mar sin féin, tráth a cuireadh isteach na hiarrataí ar dhíolúine, ní raibh aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil le haghaidh triomadóirí rothlaim tráchtála atá deartha le haghaidh marthanacht fhíor-fhada a éilíonn oibriú leanúnach i rith an lae agus timthriallta triomúcháin nach faide ná uair an chloig. I gcás triomadóirí rothlaim tráchtála ina bhfuil teaschaidéil ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil os cionn 10 kW, agus niteoirí triomadóirí éadaí tráchtála atá feistithe le modúil teaschaidéil ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil os cionn 10 kW freisin, léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha aibí go teicniúil go fóill nó nach féidir iad a chur in úsáid go sábháilte fós faoi na caighdeáin sábháilteachta is infheidhme.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarrataí ar dhíolúine agus measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/573.

(8) In imthosca eisceachtúla den sórt sin, is iomchuí díolúine a bhfuil teorainn ama léi a dheonú maidir le (i) triomadóirí rothlaim tráchtála ina bhfuil teaschaidéil ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil suas le 10 kW agus an toilleadh sin san áireamh go dtí an 31 Nollaig 2028; agus (ii) triomadóirí rothlaim tráchtála ina bhfuil teaschaidéil ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil is mó ná 10 kW, agus niteoirí triomadóirí éadaí tráchtála atá feistithe le modúil teaschaidéil, go dtí an 31 Nollaig 2030.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar phointe 8(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear an trealamh seo a leanas ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhanda a chur ar an margadh, ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán sin:

(a) triomadóirí rothlaim tráchtála (teaschaidéal) ina bhfuil teaschaidéil dho-aistrithe fhéinchuimsitheacha ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil suas le 10 kW agus an toilleadh sin san áireamh, i gcás ina ndeartar an trealamh chun oibriú go leanúnach i rith an lae ar fad agus ag a bhfuil am triomaithe nach mó ná uair an chloig, go dtí an 31 Nollaig 2028;

(b) triomadóirí rothlaim tráchtála (teaschaidéal) ina bhfuil teaschaidéil dho-aistrithe fhéinchuimsitheacha ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil is mó ná 10 kW ach nach mó ná 12 kW, go dtí an 31 Nollaig 2030.

2. De mhaolú ar phointe 8(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear niteoirí triomadóirí éadaí tráchtála atá feistithe le teaschaidéil fhéinchuimsitheacha dho-aistrithe ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil is mó ná 10 kW ach nach mó ná 12 kW agus ag a bhfuil toilleadh níocháin 15 kg go 40 kg, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhanda, a chur ar an margadh, ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán sin, go dtí an 31 Nollaig 2030.

3. De mhaolú ar phointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear an trealamh seo a leanas ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhanda a chur ar an margadh, go dtí an 31 Nollaig 2030:

(a) triomadóirí rothlaim teaschaidéil tráchtála ina bhfuil teaschaidéil fhéinchuimsitheacha dho-aistrithe ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil is mó ná 12 kW ach nach mó ná 50 kW;

(b) meaisíní niteora triomadóra éadaí tráchtála atá feistithe le teaschaidéil fhéinchuimsitheacha dho-aistrithe ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil is mó ná 12 kW ach nach mó ná 50 kW agus ag a bhfuil toilleadh níocháin 15 kg go 40 kg.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN